C/2025/5150

28.10.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Aghaidh a thabhairt ar an idirspleáchas idir an tsíocháin agus an t-athrú aeráide: an gá atá le taidhleoireacht dhomhanda athnuaite

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/5150)

Rapóirtéir: **Dimitris DIMITRIADIS**

Comhrapóirtéir: **Peter SCHMIDT**

Comhairleoir	Ioannis PAPADIMOS (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa I) Jeffrey SACHS (comhairleoir an chomhrapóirtéara, Grúpa II)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	12.6.2025
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	71/1/1
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	17.7.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	598
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	131/17/7

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Ní mór don Aontas Eorpach cur chuige cuimsitheach comhtháite a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc mhéadaitheacha idir an t-athrú aeráide, an tsláinte, rioscaí slándála agus an rialachas domhanda. Ós rud é go bhfuil dúshláin mhéadaitheacha roimh an gcomhar idirnáisiúnta mar gheall ar an údarásaíochas, an chaomhnaitheacht agus an náisiúnachas, ba cheart don Aontas a bheith ina cheannaire inchreidte athléimneach sa taidhleoireacht aeráide dhomhanda. Tá sé ríthábhachtach nach gcaithfear leis an mbeartas aeráide agus slándála ina n-aonar a thuilleadh. Ina ionad sin, ní mór breathnú orthu mar ghnéithe a threisíonn a chéile de thodhchaí dhomhanda inbhuanaithe shíochánta. Tar éis an tsaoil, is é misean bunúsach an tionscadail Eorpaigh an tsíocháin, cearta bunúsacha agus an daonlathas a chur chun cinn agus a chaomhnú.

1.2. Sa bheartas eachtrach, ba cheart don Aontas tacú le taidhleoireacht aeráide lena nasctar spriocanna comhshaoil le cosc coinbhleachtaí agus cothú na síochána. Ní mór an cur chuige sin a bheith fréamhaithe i gcomhghuaillíochtaí domhanda athnuaite, comhpháirtíochtaí cuimsitheacha agus creataí beartais comhtháite. Le rannpháirtíocht sheachtrach athraitheach an Aontais, ba cheart cineál idirspleách na ndúshlán domhanda a léiriú, agus é á aithint go bhfuil dlúthbhaint ag díghrádú agus éagobhsaíocht an chomhshaoil le chéile. Trí bhreithnithe slándála aeráide a leabú ina straitéisí taidhleoireachta agus forbartha, is féidir leis an Aontas cuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coinbhleachta agus gealltanais dhomhanda aeráide a threisiú ag an am céanna.

1.3. Thairis sin, ba cheart don Aontas a bheith ina iolraitheoir luachanna trí ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, rud atá i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). Áirítear leis sin infheistíochtaí sa dea-rialachas, sa tslándáil bia, san uisce agus san fhuinnimh, i gcathracha sábháilte agus i slite beatha athléimneacha. Ba cheart d'iarrachtaí daonnúla agus oiriúnaithe a bheith cuimsitheach agus rannpháirteach, agus ba cheart d'eagraíochtaí an phobail, tionscnaimh faoi stiúir na hóige, tionscnaimh lena ndírítear ar mhná agus gníomhaithe na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach iontu.

1.4. Tá an tábhacht chéanna ag baint le clár oibre intíre soiléir uaillmhianach. Ní mór don Aontas dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip trí phleananna gníomhaíochta náisiúnta agus uile-Aontais. Ba cheart aghaidh a thabhairt sna pleananna sin ar dhícharbónú, ar chaomhnú na bithéagsúlachta, ar chleachtais an gheilleagair chiorclaigh agus ar úsáid inbhuanaithe talún. Níor cheart do na dúshláin eacnamaíocha atá ann faoi láthair moill a chur ar an aistriú sin. Ina áit sin, ba cheart infheistíocht aeráide a úsáid mar luamhán don téarnamh eacnamaíoch, don cheannaireacht theicneolaíoch agus don iomaíochas domhanda sa nuálaíocht ghlas agus dhigiteach.

1.5. Ag an am céanna, ba cheart don Aontas a thaidhleoireacht maidir leis an gComhaontú Glas/SFInna a mhéadú trí leas a bhaint as a shaineolas inbhuanaitheachta chun tacú le réigiúin atá i mbéal forbartha. Is éard atá i gceist leis sin comhpháirtíochtaí a neartú trí chomhar struchtúrtha leis an Domhan Theas. Trí chomhchreataí aeráide a chur chun cinn agus aistriú teicneolaíochta a éascú, is féidir leis an Eoraip tacú le haistriú cóir sa Domhan Theas agus a tionchar domhanda a threisiú ag an am céanna.

1.6. I bhfóraim iltaobhacha, ní mór don Aontas leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta san abhcóideacht aeráide ar fud an domhain. Ba cheart dó a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrataí ar ghníomhaíocht uaillmhianach ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus ag príomhchoinbhinsiúin chomhshaoil amhail Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD). Tá láithreacht láidir iltaobhach ríthábhachtach go háirithe i gcomhthéacs rannpháirtíocht na Stát Aontaithe a bheith ag dul i léig.

1.7. Ar deireadh, ní mór straitéis taidhleoireachta athnuaite den Aontas a bheith bunaithe ar thrí threoirphrionsabal. Ar an gcéad dul síos, ba cheart breithnithe aeráide a chomhtháthú go hiomlán i straitéisí chun coinbhleachtaí a chosc. Is éard atá i gceist leis sin anailís riosca don chomhshaol a leabú in iarrachtaí chun an tsíocháin a chothú agus aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar theannais atá bunaithe ar acmhainní. Ar an dara dul síos, ní mór don Aontas tús áite a thabhairt don chomhar réigiúnach agus iltaobhach lena gcuirtear athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus réiteach coinbhleachtaí chun cinn, lena dtacaítear le hiarrachtaí oiriúnaithe ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach. Ar an tríú dul síos, ba cheart an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn mar shásra síochána, lena n-áirítear infheistíochtaí spriocdhírithe i bhfuinneamh in-athnuaite, in athfhoraoisiú agus i dtalmhaíocht atá cliste ó thaobh na haeráide de, rud a chuideodh le leochaileacht a laghdú agus coinbhleachtaí a chosc.

1.8. D'fhonn taidhleoireacht athnuaite atreisithe a bhaint amach, tá CESE ag tathant ar an Aontas an ilroinnt inmheánach a shárú agus céimeanna misniúla a ghlacadh i dtreo na huathrialach straitéisí. Mar sin féin, is gá an neamhspleáchas straitéiseach sin a aistriú ina gcumais oibríochtúla, ina mbeartais nithiúla agus ina ngníomhaíocht chomhordaithe i measc na mBallstát. Mura ndéanfar dul chun cinn nithiúil maidir le cosaint, neamhspleáchas fuinnimh agus athléimneacht eacnamaíoch, beidh baol ann go rachaidh an tAontas ar gcúl i ndomhan ina bhfuil méadú ag teacht ar an tionchar atá ag streachailt chumhachta agus ag cinnteoireacht aontaobhach.

1.9. Is trí chur chuige comhtháite réamhghníomhach den sórt sin atá bunaithe ar luachanna, agus trí chur chuige den sórt sin amháin, a fhéadfaidh an tAontas a chreidiúnacht agus a cheannaireacht a choimeád ar bun i ndomhan ina bhfuil an dá bhagairt maidir le suaitheadh aeráide agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil ann. Agus an aidhm sin á cur san áireamh, d'fhéadfadh an tAontas úsáid a bhaint as a Bheartas Trádála mar uirlis/ionstraim chun forbairt inbhuanaithe a chothú, chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar fhás eacnamaíoch síochánta, ós rud é gur inniúlacht eisiach den Aontas é an Beartas Trádála, rud a chuirfeadh ar chumas na hEorpa labhairt d'aon ghuth agus, ar an gcaoi sin, luachanna Eorpacha maidir le cearta an duine agus cearta sóisialta, cosaint an chomhshaoil agus beartas aeráide a 'onnmhairiú'.

2. **Réamhrá**

2.1. Aithníonn CESE nach féidir a shéanadh go bhfuil an t-athrú aeráide nasctha go dlúth leis an gcobhsaíocht dhomhanda. Ní hamháin gur ábhair imní maidir leis an gcomhshaol iad teochtaí atá ag dul i méid, teagmhais adhaimsire agus ganntanas acmhainní, ach is cúis mhór spreagtha don choinbhleacht iad freisin. Má táimid chun an tsíocháin a chosaint, ní mór dúinn a aithint gur bunchloch den bheartas slándála é an gníomhú ar son na haeráide. Éilíonn an réaltacht phráinneach sin tiomantas athnuaite don taidhleoireacht dhomhanda, tiomantas lena gcomhtháthaítear athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide in iarrachtaí chun an tsíocháin a chothú.

2.2. Agus an obair a rinneadh roimhe seo á cur san áireamh, go háirithe na tuairimí REX/569 ([1]) agus REX/578 ([2]), ba mhaith le CESE obair leantach a dhéanamh ar a gconclúidí agus ar a moltaí agus cur leo, lena leagtar béim, ar thaobh amháin, ar a thábhachtaí atá sé tuiscint a fháil ar na naisc chasta laistigh den nasc idir an aeráid agus an tslándáil, ós rud é gur dúshláin dhomhanda iad an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil a mbíonn tionchar ag an dinimic sin, i gcomhar le leochaileachtaí talmhaíochta, uisce ([3]) agus bonneagair, ar dhaoine i roinnt mhaith tíortha agus, ar an taobh eile, leagann sé béim ar an ngá atá le freagairtí athléimneacha práinneacha ar na dúshláin sin, rud a léiríonn gurb é misean bunúsach an tionscadail Eorpaigh an tsíocháin a chur chun cinn agus a chaomhnú, rud a bhfuil dlúthbhaint aici le caomhnú agus cur chun cinn na gceart bunúsach agus an daonlathais. Tá CESE i ndiaidh aird a tharraingt cheana féin ar an damáiste don chomhshaol de bharr an chogaidh, lena n-áirítear díghrádú éiceachórais, truailliú aeir agus uisce, agus éilliú tailte curaíochta agus féaraigh ([4]).

2.3. Tá an t-athrú aeráide ag druidim le roinnt pointí claochlaithe domhanda nó ag dul tharstu, lena n-áirítear: (1) ardú ilmhéadar ar leibhéal na farraige; (2) bás mór-bhithóm (amhail claochlú fhoraois bháistí na hAmasóine ina féarthalamh); (3) cúrsaíocht na n-aigéan a stopadh, dlús a chur le téamh an Aigéin Theas (dlús a chur le scriosadh Oighearchlúid an Antartaigh Thiar) agus fuarú an Atlantaigh Thuaidh; (4) leá an talaimh síorshioctha bhóirigh agus tinte foraoise ollmhóra sa tuaisceart.

2.4. Méadóidh an t-athrú aeráide minicíocht, leathadh agus déine na gcoinbhleachtaí foréigneacha agus d'fhéadfadh sé an aeráid a dhíchobhsú mar seo a leanas: (1) an pholaitíocht a dhíchobhsú agus coinbhleacht shóisialta a ghríosú (ceantair uirbeacha in aghaidh ceantair tuaithe, saol neamhghníomhach in aghaidh saol fánaíochta, etc.) laistigh den tsochaí; (2) an ghéarchéim dhomhanda ocrais a mhéadú trí tháirgeacht barr a ísliú, trádáil dhomhanda in earraí bia a ilroinnt, agus praghsanna bia a ardú; (3) coinbhleachtaí idirnáisiúnta maidir le fuinneamh agus acmhainní mianraí a threisiú; (4) díospóidí trasteorann a bhaineann le hacmhainní fionnuisce a threisiú; (5) pobail a easáitiú; (6) géarú ar an bhfíorbhochtaineacht, amhail sa tSaiheil, in Oirthear an Chongó, san Aetóip agus sa tSúdáin atá thíos le coinbhleacht; agus (7) an réigiún Artach a oscailt don loingseoireacht, don mhianadóireacht agus d'fhorbairt eacnamaíoch eile, rud a mhéadódh an iomaíocht straitéiseach agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis freisin le coinbhleacht i measc na ngníomhaithe éagsúla. Sin é an fáth a bhfuil sé tábhachtach béim a leagan ar an ngá atá le comhtháthú idir na Ballstáit agus comharsana agus comhpháirtithe an Aontais, go háirithe chun leanúnachas a áirithiú idir limistéir lasmuigh de chríoch na hEorpa.

2.5. Ina theannta sin, tá cúig phríomhbhealach ann ina gcuireann coinbhleachtaí foréigneacha bac ar an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, is iad sin: (1) go bhfuil coinbhleachtaí foréigneacha agus oibríochtaí míleata go ginearálta freagrach go díreach as mórdhíobhálacha don chomhshaol; (2) go gcuireann coinbhleachtaí foréigneacha cosc ar phleanáil agus infheistíochtaí rialtais sna trí réimse ríthábhachtacha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide: maolú (córas fuinnimh saor ó charbón a chur chun feidhme), oiriúnú (infheistíochtaí spriocdhírithe chun díobhálacha aeráide a fhritháireamh, amhail cosaint ar thuilte agus ar thriomach), agus athléimneacht (infheistíochtaí iomlánaíocha i gcórais rabhaidh agus cumas na gcóras daonna teacht ar ais ó chaillteanais agus ó dhamáistí a bhaineann leis an aeráid); (3) go laghdaíonn coinbhleachtaí foréigneacha ioncam an rialtais a bhfuil gá leis a úsáid chun infheistíochtaí criticiúla aeráide a dhéanamh; (4) go gcuireann coinbhleachtaí foréigneacha bac ar chomhar idir stáit chun an fhadhb maidir le saorthairbhithe i ngníomhaíocht chomhshaoil a shárú. Ós rud é go gcuireann coinbhleachtaí foréigneacha náisiúin i gcoimhlint le náisiúin eile, cuirtear bac nó deireadh leis an gcumas comhar a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach; (5) go gcuireann coinbhleachtaí foréigneacha bac ar an muinín idirstáit is gá le haghaidh gníomhaíochtaí aeráide réigiúnacha, amhail comhar fuinnimh trasteorann (e.g. taiscumair fuinnimh in-athnuaite a chomhthiomsú i dtíortha éagsúla i gcomhthiomsú cumhachta aonair nó bithóm atá i mbaol a rialú go comhpháirteach amhail foraois bháistí nó dobhardhroim atá comhroinnte ag dhá thír chomharsanachta nó níos mó).

2.6. Aithníonn CESE a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar an idirspleáchas idir an t-athrú aeráide agus an tsíocháin. Is príomhspreagadh don neamhshlándáil dhomhanda atá ag dul i méid i gcónaí é an t-athrú aeráide, rud a chuireann leis na leochaileachtaí atá ann cheana, leis an easáitiú éigeantach agus leis an iomaíocht maidir le hacmhainní tearca. De réir mar a ghéaraíonn rioscaí a bhaineann leis an aeráid, ní mór don Aontas a fhreagairtí taidhleoireachta agus institiúideacha a neartú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na haeráide ar an tsíocháin agus ar an gcobhsaíocht, go háirithe san ord geopholaitiúil nua. Is féidir le hobair CESE maidir leis an taidhleoireacht chiorclach aidhmeanna na tuairime seo a chomhlánú. Tá iarrachtaí á ndéanamh go hinmheánach cheana féin ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, mar shampla, chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a úsáid ina soláthar (tríd an bhFóram Gorála um an nGeilleagar Ciorclach i réimse na Cosanta Eorpaí (IFCeeD) atá maoinithe ag LIFE), rud a chruthaíonn deiseanna comhsheasmhacha sa réimse sin.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tástáil Struis Eorpach um an Nuálaíocht a thabhairt isteach (Tústuairim) (IO C, C/2024/1575, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1575/oj).

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Ár dtodhchaí a dhaingniú — Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil (COM(2024) 63 final) (IO C, C/2024/2106, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2106/oj).

([3]) Maidir leis an uisce, féach Achainí ó CESE ar son Comhaontú Gorm don Eoraip agus tuairimí gaolmhara: Comhaontú Gorm don Eoraip, CESE.

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An ceart chun comhshaoil fholláin san Aontas Eorpach, go háirithe i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin (tuairim féintionscnaimh) (IO C 228, 29.6.2023, lch. 10).

3. **Cúlra**

3.1. Is dúshlán slándála bunúsach práinneach é an t-athrú aeráide, dúshlán atá ag athmhúnlú na cobhsaíochta domhanda. Tá éifeachtaí cascáideacha an athraithe aeráide ag cur leis na leochaileachtaí atá ann cheana agus ag cruthú rioscaí slándála nua, go háirithe i réigiúin leochaileacha agus i lárionaid uirbeacha.

3.2. Is tosaíochtaí idirnasctha iad aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide agus seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe: ní éireoidh le ceachtar acu gan an ceann eile, agus tá an dá rud sin ríthábhachtach chun slándáil an duine agus an tslándáil náisiúnta a chosaint.

3.3. Tá an cuspóir maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide leabaithe in Airteagal 191(1) CFAE mar choincheap atá le cur chun cinn i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Luaitear i Straitéis Dhomhanda an Aontais 2016 go gcuireann an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil le coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann, i bhfianaise a dtionchar ar ghaineamhlú, díghrádú talún, agus ganntanas uisce agus bia. Meastar sa straitéis gur iolraitheoir bagartha í an aeráid lena spreagtar ganntanas uisce agus bia, paindéimí agus easáitiú ([5]).

3.4. Ina theannta sin, ba cheart don Chomhaontú Glas don Eoraip ([6]) leanúint de bheith ina chuid ríthábhachtach de chreat beartais an Aontais, arb é is aidhm dó an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar comhaimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní. Leis an gComhaontú Glas, ní hamháin go ngealltar go n-athrófar an Eoraip ina céad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050 ach tá sé d'aidhm aige freisin spriocanna aeráide a aontú le straitéisí fáis agus slándála rathúnais. Léirítear sa phlean cuimsitheach sin tiomantas an Aontais an t-athrú aeráide a chomhrac trí straitéis chuimsitheach iltaobhach a fhorbairt, agus tosca geopholaitiúla, eacnamaíocha agus comhshaoil á gcur san áireamh.

3.5. Ba cheart don Aontas leas a bhaint as an straitéis 'Global Gateway' freisin, lena nasctar taidhleoireacht aeráide agus gheo-eacnamaíoch trí chomhar idirnáisiúnta a fheabhsú, agus SFInna á gcomhtháthú ina thionscadail shuaitheanta agus ina thionscnaimh shuaitheanta ag an am céanna. Ba cheart a thionscadail shuaitheanta a dhíriú ar na hidirghníomhaíochtaí idir an tsíocháin, an choinbhleacht agus an daonlathas.

3.6. Mar chuid den nasc níos leithne idir an aeráid agus an tslándáil, cuireann cur chun feidhme an Treochláir um Athrú Aeráide agus Cosaint le clár oibre níos leithne an Aontais, go háirithe na conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide a foilsíodh i mí Eanáir 2020 ([7]).

3.7. I mí an Mhárta 2022, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an Compás Straitéiseach ([8]), a d'fhormhuinigh ceannairí an Aontais ina dhiaidh sin. Ceapadh an compás chun fís straitéiseach chomhroinnte a chruthú maidir le dúshláin slándála, lena n-áirítear an aeráid, agus chun an fhís sin a aistriú ina gníomhaíochtaí agus ina táirge insoláthartha.

3.8. Mar sin féin, in ainneoin na hargóinte 'gur beartas slándála anois é an beartas aeráide', tá an tAontas tar éis imeacht níos faide ón tslándáil éiceolaíoch lena gcumhdófaí na saincheisteanna ábhartha uile. Is aisteach go raibh an ghné aeráide gheopholaitiúil níos leithne de bheartas an Aontais thar a bheith neamhghníomhach i gcomhthéacs an athraithe chinniúnaigh sin. Ní dhearnadh aon mhórchéimeanna chun cinn agus, ar bhealaí áirithe, tá an gheopholaitíocht aeráide á díláithriú ag ríomhanna geopholaitiúla eile agus ag an gcúlú i dtreo slándáil níos traidisiúnta. Míníonn leasanna geo-eacnamaíocha agus polaitiúla an staid sin.

4. **Barúlacha**

Práinn maidir le Ceannaireacht an Aontais

4.1. Tuigeann CESE go bhféadfadh an t-údarásaíochas, an chaomhnaitheacht agus an náisiúnachas atá ag dul i méid an bonn a bhaint den chomhar idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí slándála a eascraíonn as an athrú aeráide. Táimid ag maireachtáil i ré ina bhfuil an nasc idir an beartas aeráide agus an beartas slándála ag éirí níos tábhachtaí, ach tá an nasc idir gníomhaíocht chomhbheartaithe agus tuiscint dhomhanda ag éirí níos ilroinnte agus ní ceart talamh slán a dhéanamh de.

([5]) https://www.eeas.europa.eu/eeas/global-strategy-european-unions-foreign-and-security-policy_en.
([6]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga.
([7]) https://www.eeas.europa.eu/eeas/eu-climate-change-and-defence-roadmap_en.
([8]) https://www.eeas.europa.eu/eeas/strategic-compass-security-and-defence-1_en.

4.2. Creideann CESE go bhfuil dúshlán ollmhór roimh an Eoraip, bíodh sin i réimse na cosanta, na trádála, na haeráide nó na taidhleoireachta: an chaoi ar féidir léi í féin a chur chun tosaigh mar ghníomhaí athléimneach, uathrialach sa réimse domhanda. Anois agus an clár oibre aeráide ag dul ar gcúl i gclár oibre na Stát Aontaithe, ní mór don Eoraip ullmhú go réamhghníomhach do dhomhan inar nach féidir léi talamh slán a dhéanamh de chomhghuaillíocht leis na Stáit Aontaithe.

4.3. Creideann CESE go láidir, i bhfianaise chúlú na Stát Aontaithe ó shocruithe agus oibleagáidí idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, nach mór don Aontas iarracht a dhéanamh ní hamháin an folús sin a líonadh, ach comhghuaillíochtaí a neartú freisin a chosnaíonn beartais aeráide ó shuaitheadh geopholaitiúil. Is mithid an taidhleoireacht dhomhanda a athnuachan. Ní féidir leis an domhan dul i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an gcoinbhleacht mar shaincheisteanna aonaracha. Tá todhchaí inbhuanaithe shíochánta ag brath ar ár gcumas na réimsí sin a nascadh agus réitigh chomhtháite a chur chun feidhme lena gcothaítear cobhsaíocht chomhshaoil agus gheopholaitiúil.

4.4. Tá ról lárnach ag an Aontas maidir leis an gclaochlú sin a chur chun cinn, lena n-áirithítear nach measfar an gníomhú ar son na haeráide a bheith ar leithligh a thuilleadh ó chothú na síochána ach mar chuid ríthábhachtach de. Ní mór cineál idirnasctha na ndúshlán domhanda a léiriú i mbeartas eachtrach athraitheach an Aontais, go háirithe na naisc idir díghrádú an chomhshaoil agus an choinbhleacht. Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoi phráinn an dúshláin sin. De réir mar a ghéaraíonn bagairtí slándála a bhaineann leis an aeráid, ní mór an taidhleoireacht a fhorbairt chun an réaltacht nua sin a léiriú.

4.5. Molann CESE go gcoinneodh an tAontas a sheasamh mar chomhpháirtí iontaofa sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide trí bhéim a leagan ar an ngá atá le ról ceannasach agus ról iolraitheora luacha a bheith aige. Go háirithe, d'fhéadfadh sé infheistíocht a dhéanamh in SFInna níos leithne amhail dea-rialachas, slite beatha agus slándáil bia nó slándáil uirbeach. Ina theannta sin, ní mór eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí faoi stiúir na hóige agus an tsochaí shibhialta a áireamh in iarrachtaí daonnúla atá íogair ó thaobh na haeráide agus na slándála de. Is rud fíorthábhachtach í cinnteoireacht chuimsitheach, éagsúil agus fianaisebhunaithe maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, chomh maith le rioscaí tubaiste a laghdú agus freagairt do na rioscaí sin, agus an tslándáil fuinnimh agus eacnamaíoch.

4.6. Tá CESE ag iarraidh ar an Aontas an ilroinnt inmheánach a shárú agus céimeanna misniúla a ghlacadh i dtreo na huathrialach straitéisí. Mar sin féin, ní mór an neamhspleáchas straitéiseach sin a aistriú ina gcumais oibríochtúla, ina mbeartais nithiúla agus ina ngníomhaíocht chomhordaithe i measc na mBallstát. Mura ndéanfar dul chun cinn nithiúil maidir le cosaint, neamhspleáchas fuinnimh agus athléimneacht eacnamaíoch, beidh baol ann go rachaidh an tAontas ar gcúl i ndomhan ina bhfuil méadú ag teacht ar an tionchar atá ag streachailt chumhachta agus ag cinnteoireacht aontaobhach.

4.7. Go háirithe, tá an t-aistriú chuig fuinneamh glas ríthábhachtach don chobhsaíocht gheopholaitiúil, don neamhthuilleamaíocht agus do chothú na síochána. Cé nach mór do na náisiúin leibhéal níos airde comhair eacnamaíoch a chothú ar fud na réigiún, agus béim á leagan ar an gcóras fuinnimh domhanda a athrú ó bhonn, ní mór don Eoraip infheistíocht a dhéanamh ag an am céanna in acmhainneacht in-athnuaite intíre chun feabhas a chur ar dhílárú fuinnimh agus ar neamhthuilleamaíocht fuinnimh. Leis an gcur chuige déach sin, laghdaítear astaíochtaí domhanda, agus, ag an am céanna, forbraítear muinín fhrithpháirteach, laghdaítear spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus maolaítear an baol coinbhleachta.

4.8. Ba cheart don Aontas straitéis a bheidh bunaithe ar thrí ghné a fhorbairt don ghníomhú ar son na haeráide. Ar an gcéad dul síos, ba cheart pleananna náisiúnta agus uile-Aontais a leagan amach ann chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach maidir le dícharbónú, caomhnú na bithéagsúlachta, cosaint úsáide talún, an geilleagar ciorclach agus bearta eile. Ní thugann marbhántacht eacnamaíoch na hEorpa údar le titim chun deiridh. Ina ionad sin, ba cheart don staid sin an Eoraip a spreagadh chun dlús a chur lena ghníomhaíocht. Ní hamháin go dtabharfaidh infheistíochtaí sa ghníomhú ar son na haeráide aghaidh ar na saincheisteanna comhshaoil, ach feidhmeoidh siad freisin mar spreagadh eacnamaíoch agus mar chonair i dtreo iomaíochas domhanda na hEorpa i dteicneolaíochtaí glasa agus digiteacha.

4.9. Ba cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaidhleoireacht an Chomhaontaithe Ghlais/na SFInna (Lafortune et al, 2024 ([9])) le tíortha agus réigiúin mhóra eile, ina mbainfeadh an Eoraip leas as an dul chun cinn atá déanta aici sa Chomhaontú Glas don Eoraip chun cabhrú le réigiúin eile sa chuid den domhan atá i mbéal forbartha cineálacha cur chuige comhchosúla a ghlacadh. Ba cheart a áireamh leis sin tionscnaimh idir an tAontas Eorpach agus an tSín, an tAontas Afracach, an India, Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh agus comhpháirtithe eile ón Domhan Theas.

4.10. Ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh san iltaobhachas agus leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain sa ghlao ar ghníomhú ar son na haeráide, go háirithe i bhfianaise tharraingt siar na Stát Aontaithe ó aon fhreagracht réasúnach maidir leis an tsaincheist sin. Ba cheart don Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta san iarraidh ar ghníomhaíocht luathaithe ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus ag cruinnithe Chomhdháil na nUachtarán maidir le UNFCCC, CBD agus UNCCD.

([9]) Guillaume Lafortune, Grayson Fuller, Adolf Kloke-Lesch, Phoebe Koundouri agus Angelo Riccaboni (2024) *European Elections, Europe's Future and the Sustainable Development Goals/Europe Sustainable Development Report 2023/24*, Tuarascáil ó SDSN Europe, https://www.tara.tcd.ie/handle/2262/104407.

4.11. A mhéid a bhaineann le próiseas UNFCCC, tugadh na rialacha maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras chun críche a bhuí le héifeachtacht na taidhleoireachta aeráide domhanda. Agus muid ag bogadh i dtreo céim iarchaibidlíochta, ina bhféadfadh cineálacha iolrachais, comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí déthaobhacha atá ag teacht chun cinn an t-iltaobhachas a athshainiú, éireoidh **ról na sochaí sibhialta níos tábhachtaí**. Beidh ról ríthábhachtach ag gníomhaithe na sochaí sibhialta chun an bealach a réiteach maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh de chomhaontuithe aeráide trí rannpháirtíocht mharthanach taidhleoireachta ar an láthair.

4.12. Ní mór straitéis taidhleoireachta athnuaite a bheith fréamhaithe i dtrí phríomhphrionsabal:

4.12.1. Breithnithe aeráide a chomhtháthú i gcosc coinbhleachtaí: ní mór an tslándáil aeráide a bheith ina colún lárnach d'iarrachtaí cothaithe síochána. Ba cheart don Aontas, mar aon le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus rialtais, measúnuithe riosca comhshaoil a ionchorprú ina straitéisí taidhleoireachta, lena n-áiritheofar go dtabharfar aghaidh go réamhghníomhach ar theannais a bhaineann le hacmhainní.

4.12.2. Comhar iltaobhach a neartú: ní mór don Aontas Eorpach, do na Náisiúin Aontaithe agus do ghníomhaithe domhanda eile comhghuaillíochtaí níos láidre a chruthú lena dtabharfar tús áite don athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus do réiteach coinbhleachtaí. Is féidir le comhpháirtíochtaí réigiúnacha agus comhar ar leibhéal an phobail borradh a chur faoi straitéisí um oiriúnú don athrú aeráide lena laghdaítear an éagobhsaíocht.

4.12.3. Infheistíocht a dhéanamh san fhorbairt ghlas mar shásra síochána: is féidir le beartais eacnamaíocha inbhuanaithe lena gcuirtear fuinneamh in-athnuaite, athfhoraoisiú agus talmhaíocht aeráidchliste chun cinn a bheith ina bhfórsaí cobhsaíochta i réigiúin leochaileacha. Trí shlite beatha inbhuanaithe a chur ar fáil do phobail, is féidir an dóchúlacht go mbeidh coinbhleachtaí ann atá bunaithe ar acmhainní a laghdú.

An Bhruiséil, an 17 Iúil 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE